



2024/836

13.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/836 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Márta 2024

lena bhformheastar an tsubstaint bhunata hiodrocsaíd mhaighnéisiam E528 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 23(5) i gcomhar le hAirteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Eanáir 2021 fuair an Coimisiún iarratas ó Roullier ar fhormheas hiodrocsaíde maignéisiam E528 mar shubstaint bhunata lena húsáid i gcosaint plandaí mar fhuingicíd ar fhíniúnacha, ológa, banana, coirce, seagal, triteacál, cruithneacht, trátaí, ubhthoradh, piobar, sillí, *Physalis* sp. agus cúcamar milis, prátaí, rósóg, plandaí ornáideacha, péitseog, aibreog, silín, pluma, neachtairín, miribéal agus barra ríse.
- (2) Tar éis na seiceálacha inghlacthachta, fuarthas iarratais athbhreithnithe i mí na Bealtaine 2021, mí Aibreáin 2022 agus mí Eanáir 2023. Bhí an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 23(3), an dara fómhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ag gabháil leis an iarratas, mar a athbhreithníodh é i mí Eanáir 2023.
- (3) D'iarr an Coimisiún cúnamh eolaíoch ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') de bhun Airteagal 23(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. An 6 Márta 2023 chuir an tÚdarás tuarascáil theicniúil ar fáil don Choimisiún maidir le hiodrocsaíd mhaighnéisiam E528 ⁽²⁾.
- (4) Chuir an Coimisiún an tuarascáil athbhreithniúcháin ⁽³⁾ agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchhoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 12 Deireadh Fómhair 2023 agus an 11 Nollaig 2023, faoi seach.
- (5) San fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil, léirítear go n-úsáidtear hiodrocsaíd mhaighnéisiam E528 mar bhreiseán bia agus beatha, mar phurgóid osmóiseach agus friithaigéad le haghaidh an ghoile sa leigheas, mar dhíbholaíoch coirp i réimse na dtáirgí cosmaideacha, mar leasachán sa talmhaíocht agus i roinnt úsáidí tionsclaíocha. Thairis sin, ní úsáidtear í chun críoch cosanta plandaí den chuid is mó ach tá an tsubstaint úsáideach i gcosaint plandaí i dtáirge ina bhfuil an tsubstaint. Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarratas agus sa Tuarascáil Theicniúil ón Údarás, is féidir teacht ar an gconclúid nach substaint ar údar imní í; nach bhfuil sé de chumas intreach aici bheith ina cúis le héifeachtaí suaiteora inchrínigh, éifeachtaí néarthocsaineacha nó éifeachtaí imdhíon-thocsaineacha; agus nach gcuirtear ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí í. Dá réir sin, comhlíonann hiodrocsaíd mhaighnéisiam E528 na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

⁽¹⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj>.

⁽²⁾ EFSA (European Food Safety Authority [An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia]), 2023. *Outcome of the consultation with Member States and EFSA on the basic substance application for approval of magnesium hydroxide E 528 to be used in plant protection as a fungicide on grapevines, olives, banana, oat, rye, triticale, wheat, tomatoes, aubergine, sweet pepper, chili, Physalis sp. and pepino, potatoes, rosebush, ornamental plants, peach, apricot, cherry, plum, nectarine, mirabelle and rice crops* ('Toradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus EFSA maidir leis an iarratas ar fhormheas hiodrocsaíde maignéisiam E528 mar shubstaint bhunata lena húsáid i gcosaint plandaí mar fhuingicíd ar fhíniúnacha, ológa, banana, coirce, seagal, triteacál, cruithneacht, trátaí, ubhthoradh, piobar, sillí, *Physalis* sp. agus cúcamar milis, prátaí, rósóg, plandaí ornáideacha, péitseog, aibreog, silín, pluma, neachtairín, miribéal agus barra ríse'). Foilseachán tacaíochta EFSA 2023:EN-7902. 106 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2023.EN-7902.

⁽³⁾ *Final Review report for the basic substance magnesium hydroxide finalised by the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed on 31 January 2024 in view of the approval of magnesium hydroxide as basic substance in accordance with Regulation (EC) No 1107/2009* ('Tuarascáil athbhreithniúcháin chríochnaitheach maidir leis an tsubstaint bhunata hiodrocsaíd mhaighnéisiam arna tabhairt chun críche ag cruinniú an Bhuanchhoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 31 Eanáir 2024 d'fhonn hiodrocsaíd mhaighnéisiam a fhormheas mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009').

- (6) Bhí Rialachán ón gCoimisiún lena leagtar síos na sonraíochtaí le haghaidh hidrocsaíd mhaighnéisiam E528 mar bheiseán bia formheasta (*) ar fáil. Chuir an tÚdarás agus an Coimisiún araon an fhaisnéis sin san áireamh faoi chuimsiú Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (7) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha féin a chur isteach i leith Thuarascáil Theicniúil an Údaráis agus i leith dhréacht-tuarascáil athbhreithniúcháin an Choimisiúin. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (8) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar na doiciméid ghaolmhara uile, d'fhéadfadh coinne a bheith leis go gcomhlíonann hidrocsaíd mhaighnéisiam E528, go ginearálta, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe maidir leis na húsáidí a scrúdaíodh agus a mionsonraíodh i dtuarascáil athbhreithniúcháin an Choimisiúin. Dá bhrí sin, is iomchuí hidrocsaíd mhaighnéisiam E528 a fhormheas mar shubstaint bhunata.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, áfach, coinníollacha áirithe le haghaidh an fhormheasa a chur san áireamh.
- (10) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (*) a leasú dá réir.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas substainte bunata

Formheastar an tsubstaint hidrocsaíd mhaighnéisiam E528, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, mar shubstaint bhunata faoi réir na goinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos na sonraíochtaí maidir le breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj>).

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ⁽¹⁾	Dáta formheasa	Forálacha sonracha
hiodrocsaíd mhaignéisiam E528 Uimh. CAS: 1309-42-8 Uimh. CIPAC: Níl sí ar fáil	dehiodrocsaíd mhaignéisiam	95 % Eisíontais ábhartha: Luaidhe < 2 mg/kg Arsanaic < 3 mg/kg	an 2 Aibreán 2024	Úsáidfear hiodrocsaíd mhaignéisiam i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le hiodrocsaíd mhaignéisiam (PLAN/2023/2331 RR Rev2) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di.

⁽¹⁾ Sa tuarascáil athbhreithniúcháin soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas, sonraíocht agus modh úsáide na substainte bunata.

IARSCRÍBHINN II

I gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 540/2011, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Uimhir	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ⁽¹⁾	Dáta formheasa	Forálacha sonracha
‘25	hiodrocsaíd mhaighnéisiam E528 Uimh. CAS: 1309-42-8 Uimh. CIPAC: Níl sí ar fáil	dehiodrocsaíd mhaighnéisiam	95 % Eisíontais ábhartha: Luaidhe < 2 mg/kg Arsanaic < 3 mg/kg	an 2 Aibreán 2024	Úsáidfear hiodrocsaíd mhaighnéisiam i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le hiodrocsaíd mhaighnéisiam (PLAN/2023/2331 RR Rev2) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di.’

⁽¹⁾ Sa tuarascáil athbhreithniúcháin soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas, sonraíocht agus modh úsaíde na substainte bunata.